



2026/1435

29.6.2026

**CINNEADH (AE) 2026/1435 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26 Meitheamh 2026**

**maidir le forálacha náisiúnta ar thug Poblacht na Fraince fógra fúthu i ndáil le táirgí gan díol a dhíothú**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 4364)

**(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**I. FÍORAIS AGUS NÓS IMEACHTA**

(1) Le litreacha dar dáta an 28 Samhain agus an 26 Nollaig 2025, thug an Fhrainc fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), gur mian léi forálacha náisiúnta a choinneáil ar bun atá i gCód Comhshaoil na Fraince maidir le táirgí gan díol a dhíothú. Tá na forálacha náisiúnta sin éagsúil le Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

**1. REACHTAÍOCHT AN AONTAIS**

**1.1. Airteagal 114(4) agus 114(6) CFAE**

(2) Le hAirteagal 114(4) CFAE foráiltear, '[m]ás rud é, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, go measann Ballstát gur gá forálacha náisiúnta a choimeád ar bun de bharr riachtanais thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 36 nó a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na timpeallachta oibre, cuirfidh sé na forálacha sin, maille leis na forais atá lena gcoinneáil ar bun, in iúl don Choimisiún.'

(3) De réir Airteagal 114(6) CFAE, laistigh de 6 mhí ón bhfógra a fháil, déanfaidh an Coimisiún na forálacha náisiúnta i gceist a fhormheas nó a dhiúltú tar éis dó a fhíorú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil áis á baint astu le haghaidh idirdhealú treallach nó chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir na Ballstáit agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad ina gconstaic d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

**1.2. Rialachán (AE) 2024/1781**

(4) Le Rialachán (AE) 2024/1781 leagtar síos, *inter alia*, rialacha maidir le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú. Sainmhínítear ann 'díothú' mar dhochar a dhéanamh do tháirge d'aon ghnó nó táirge a dhiúscairt d'aon ghnó, cé is moite de dhiúscairt chun críche an táirge diúscairta a sheachadadh chun ullmhú d'oibríochtaí athúsáide, lena n-áirítear oibríochtaí athfheistithe nó athmhonaraithe. Faoin Rialachán sin, meastar gur díothú í an athchúrsáil.

(5) Foráiltear in Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2024/1781 go bhfuil toirmeasc ar fhiontair mhóra na táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú a liostaítear in Iarscríbhinn VII ón 19 Iúil 2026 ar aghaidh, agus go bhfuil toirmeasc ar fhiontair mheánmhéide na táirgí tomhaltais sin a dhíothú ón 19 Iúil 2030 ar aghaidh. Níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga. In Iarscríbhinn VII liostaítear éadaí, gabhálaí éadaí agus coisbheart. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh lena gcuirfear catagóirí nua táirgí leis an liosta in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781.

(6) Foráiltear in Aithris 59 de Rialachán (AE) 2024/1781 nár cheart cosc a chur ar na Ballstáit bearta náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú i gcás táirgí nach bhfuil faoi réir an toirmisc faoin Rialachán sin, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj>).

## 2. FORÁLACHA NÁISIÚNTA AR TUGADH FÓGRA FÚTHU

- (7) Tá na forálacha náisiúnta ar thug an Fhrainc fógra fúthu in Airteagal L. 541-15-8 de Chód Comhshaoil na Fraince. Foráiltear leis na forálacha sin 'go gceanglaítear ar tháirgeoirí, allmhaireoirí nó dáileoirí táirgí neamhbhíá atá beartaithe lena ndíol a dtáirgí gan díol a athúsáid, a ullmhú lena n-athúsáid nó a athchúrsáil, go háirithe trí bhunriachtanais a dheonú do chomhlachais a théann i ngleic le héiginnteacht agus struchtúir geilleagair shóisialta agus dlúthpháirtíochta lena mbaintear leas formheas 'fiontar fiontais shóisialta atá bunaithe ar an tsochaí' mar a shainmhínítear in Airteagal L. 3332-17-1 den Chód Saothair, i gcomhréir le hordlathas na modhanna cóireála dá dtagraítear in Airteagal L. 541-1 den Chód [sin]'.
- (8) Tá sé beartaithe ag an bhFrainc cur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta a choinneáil ar bun maidir le gach fiontar a mhéid a bhaineann le grúpaí táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, agus dá bhrí sin nach bhfuil faoi réir an toirmisc ar tháirgí tomhaltais gan díol a dhíothú.
- (9) Ina theannta sin, maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, tá sé beartaithe ag an bhFrainc cur i bhfeidhm a forálacha náisiúnta maidir le fiontair mheánmhéide a choinneáil ar bun go dtí an 19 Iúil 2030, ionas go mbeidh feidhm gan bhriseadh ag na hoibleagáidí atá i bhfeidhm cheana sa Fhrainc maidir leis an gcineál sin oibreoirí eacnamaíocha, go dtí go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2024/1781 maidir leo.
- (10) Sa chomhthéacs sin, chuir an Fhrainc an Coimisiún ar an eolas freisin go raibh sé ar intinn aici an Cód Comhshaoil a leasú chun na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le táirgí tomhaltais gan díol a chumhdaítear le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781 a ailíniú le ceanglais an Rialacháin sin, go háirithe maidir leis an méid a mheasfar a bheith ina 'díothú' faoin Rialachán sin agus maidir leis an díolúine do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga. De réir na Fraince, cuireadh dréacht dlí ina leith sin (lena leagtar síos forálacha éagsúla maidir le hoiriúnú do dhlí an Aontais Eorpaigh – DDADUE) faoi bhráid Chomhairle na nAirí an 10 Samhain 2025. Tugann an Coimisiún dá aire nár glacadh an leasú go dtí seo. I gcomhréir leis an nuashonrú a chuir an Fhrainc ar fáil an 8 Meitheamh 2026, ghlac an Seanad an leasú i mí Feabhra 2026 agus chuir sé ar aghaidh é chuig an Tionól Náisiúnta ina scrúdófaí é sna míonna le teacht.
- (11) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon mheasúnú a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh a mhéid a bhaineann le comhlíontacht na Fraince le hoibleagáidí faoi na Conarthaí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1781.

## 3. NÓS IMEACHTA

- (12) Tar éis an fhógra ón bhFrainc, i litir dar dáta an 4 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas maidir leis an bhfógra a tugadh agus thug sé an deis dóibh barúlacha a chur isteach ina leith laistigh de 30 lá. Chuir an Liotuáin barúlacha isteach an 4 Márta 2026. Dar leis an Liotuáin, is ábhar imní é bearta náisiúnta níos déine a choinneáil sa réimse sin maidir le prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do shláine an mhargaidh inmheánaigh. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh bearta den sórt sin ualáí breise riaracháin agus airgeadais a chruthú do chuideachtaí, éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú maidir le sásraí freagrachta agus forfheidhmithe, agus dálaí iomaíochta idir na Ballstáit a shaobhadh. Dá bhrí sin, níor thacaigh an Liotuáin leis an iarraidh ón bhFrainc.
- (13) D'fhoilsigh an Coimisiún fógra freisin faoin bhfógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup> chun na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le forálacha náisiúnta na Fraince, chomh maith leis na forais a agraítear chun tacú leis an iarraidh. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an bhfógra.

## II. MEASÚNÚ

### 1. INGLLACTHACHT

- (14) Faoi Airteagal 114(4) agus (6) CFAE, féadfaidh Ballstát, tar éis beart comhchuibhithe a ghlacadh, a fhorálacha náisiúnta níos déine a choinneáil ar bun de bharr riachtanais thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 36 CFAE nó a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na timpeallachta oibre, ar choinníoll go ndéanfaidh sé na forálacha náisiúnta sin a chur in iúl don Choimisiún agus go bhformheasfaidh an Coimisiún iad.

<sup>(2)</sup> Fógra de bhun Airteagal 114, mír 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – Iarraidh ar údarú chun bearta náisiúnta a choinneáil ar bun, ar bearta iad atá níos déine ná forálacha birt chomhchuibhithe AE (IO C, C/2026/1806, 17.3.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/1806/oj>).

- (15) Baineann fógra na Fraince le forálacha náisiúnta de mhaolú ar Rialachán (AE) 2024/1781 i ndáil le táirgí gan díol a dhíothú.
- (16) Tá na forálacha náisiúnta sin níos déine ná Rialachán (AE) 2024/1781 a mhéid a bheadh feidhm acu maidir le fiontair mheánmhéide i ndáil le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin roimh an 19 Iúil 2030, agus a mhéid atá feidhm acu maidir le grúpaí táirgí tomhaltais nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (17) A mhéid atá feidhm ag na forálacha náisiúnta ar thug an Fhrainc fógra fúthu maidir le táirgí nach táirgí tomhaltais iad, measann an Coimisiún nach bhfuil na rialacha lena rialaítear díothú na dtáirgí sin gan díol comhchuibhithe faoi Rialachán (AE) 2024/1781. Na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1781 (AE) maidir le táirgí gan díol a dhíothú, baineann siad le 'táirgí tomhaltais', mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 36 den Rialachán sin, agus déantar foráil maidir leo faoi Chaibidil VI de. Dá bhrí sin, níl an fógra ón bhFrainc maidir le húdarú a fháil chun a forálacha náisiúnta a choinneáil ar bun a bhaineann le táirgí gan díol nach táirgí tomhaltais iad a dhíothú inghlactha faoi Airteagal 114(4) CFAE. Dá bhrí sin, ní thugtar aghaidh ar na bearta sin sa Chinneadh seo.
- (18) I gcomhréir le hAirteagal 114(4) CFAE, tháinig tuairisc ar na forais a bhaineann leis an aeráid a chosaint in éineacht leis an bhfógra. Déanann an Fhrainc tagairt do thuarascáil ina soláthraítear sonraí maidir le táirgí gan díol sa Fhrainc agus sochair chomhshaoil a bhaineann lena n-atreorú le hathúsáid nó le hathchúrsáil. Maíonn an Fhrainc go gcuideofar le teorannú na dramhaíola agus le caomhnú acmhainní nádúrtha, na bithéagsúlachta agus na haeráide trí fhorálacha náisiúnta a choinneáil ar bun.
- (19) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur inghlactha faoi Airteagal 114(4) CFAE an t-iarratas a chuir an Fhrainc isteach d'fhonn údarú a fháil chun a forálacha náisiúnta choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann sé le táirgí tomhaltais.

## 2. MEASÚNÚ FIÚNTAS

- (20) I gcomhréir le hAirteagal 114(4) agus Airteagal 114(6), an chéad fhomhír, CFAE, gheobhaidh an Coimisiún amach an gcomhlíontar na coinníollacha uile lena gcuirtear ar chumas Ballstáit a fhorálacha náisiúnta lena dtugtar maolú ó bheart comhchuibhithe de chuid an Aontais dá bhforáiltear san Airteagal sin a choimeád ar bun.
- (21) Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar cuí leis na forálacha náisiúnta mar gheall ar na riachtanais thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 36 CFAE nó a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na timpeallachta oibre agus nach dtéann na forálacha sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach. Ina theannta sin, i gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíonann na forálacha náisiúnta na coinníollacha sin, fíoróidh sé, de bhun Airteagal 114(6) CFAE, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil áis á baint as forálacha náisiúnta le haghaidh idirdhealú treallach nó chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir na Ballstáit agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad ina gconstaic d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

### 2.1. Seasamh na Fraince

- (22) Maíonn an Fhrainc go n-áirithítear leibhéal níos airde cosanta comhshaoil lena forálacha náisiúnta ná mar a áirithítear le Rialachán (AE) 2024/1781.
- (23) Dar leis an bhFrainc, díothaítear beagnach 10 000 tona de tháirgí neamhbhia gan díol gach bliain. Sonraíonn an Fhrainc freisin, maidir le gach earnáil le chéile, go bhfuil táirgí gan díol ar 3 % ar an meán de láimhdeachas na ngnóthas lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, tugann an Fhrainc dá haire go sábháiltear 14 chileagram de choibhéisí CO<sub>2</sub> trí 1 chileagram de theicstílí agus de línéadach tí a atreorú ó dhramhaíl tí lena n-athúsáid nó lena n-athchúrsáil.
- (24) A mhéid a bhaineann le grúpaí táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, déanann an Fhrainc tagairt d'aithris 59 de an Rialachán sin, ar dá réir nár cheart cosc a chur ar na Ballstáit bearta náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú i gcás táirgí nach bhfuil faoi réir an toirmisc faoin Rialachán sin, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (25) Sonraíonn an Fhrainc freisin go bhfuil tús curtha ag oibreoirí eacnamaíocha lena n-eagrú féin agus lena gcleachtais a oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos i ndlí náisiúnta na Fraince, agus go bhfuil sé tábhachtach go gcumhdófar gach fiontar leis na ceanglais, is cuma a méid, go háirithe ós rud é gur fiontair bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó atá i roinnt earnálacha, amhail earnáil an troscáin.

- (26) A mhéid a bhaineann le táirgí a luaitear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, tugann an Fhrainc dá haire, cé go mbeidh feidhm ansin ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán sin gan bhriseadh ón 19 Iúil 2026 ar aghaidh, ní bheidh sé sin amhlaidh i gcás fiontair mheánmhéide. Áitíonn an Fhrainc go gceanglófaí uirthi na hoibleagáidí uile is infheidhme maidir le fiontair mheánmhéide a chur ar fionraí idir an 19 Iúil 2026 agus an 19 Iúil 2030, mura gcoinneofaí a forálacha náisiúnta ar bun. Dar leis an bhFrainc, bheadh díothú athnuaithe táirgí gan díol sna hearnálacha lena mbaineann mar thoradh ar bhriseadh den sórt sin agus rachadh sé i gcoinne na ngnóthachan a baineadh amach cheana féin ó thaobh chosaint an chomhshaoil de.
- (27) Maíonn an Fhrainc freisin go bhfuil feidhm ag a forálacha náisiúnta ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir le gach gnóthas a oibríonn ar a críoch, bídis ina ngnóthais de chuid na Fraince nó ina ngnóthais eachtracha, agus go mbaineann na bearta le táirgí intíre agus táirgí a mhonaraítear i mBallstáit eile agus a allmhairítear isteach sa Fhrainc araon.

## 2.2. Meastóireacht ar sheasamh na Fraince

### 2.2.1. Réasúnú ar fhorais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil

- (28) Tá sé d'aidhm ag forálacha náisiúnta na Fraince leibhéal níos airde cosanta comhshaoil a bhaint amach trí dhramhaíl a chosc agus trí athúsáid táirgí gan díol, nó athchúrsáil na dtáirgí freisin, a chur chun cinn.
- (29) Is bunphrionsabal de chuid an gheilleagair chiorclaigh é táirgí agus ábhair a choinneáil in úsáid chomh fada agus is féidir. Le táirgí a athúsáid, a dheonú, a athchóiriú nó a athmhonarú seachas a dhiúscairt, laghdaítear giniúint dramhaíola, íslítear eastóscadh acmhainní, agus laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa. Táirgí tomhaltais gan díol a athchúrsáil mar an dara rogha, cé go meastar gur 'díothú' é sin faoi Rialachán (AE) 2024/1781, tá sé ailínithe mar sin féin le hord na réiteach dramhaíola. Leis an athchúrsáil, is féidir roinnt ábhar a aisghabháil agus cuidítear leis an laghdú ar an ngá le hamhábhair, agus dá bhrí sin is rogha níos fearr fós í ná aisghabháil eile nó diúscairt. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil na forálacha náisiúnta ar tugadh fógra fúthu oiriúnach chun rannchuidiú le dramhaíl a laghdú agus chun acmhainní nádúrtha, bithéagsúlacht agus an aeráid a chaomhnú.
- (30) Tá feidhm ag bearta na Fraince maidir le táirgí tomhaltais nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, nár socraíodh aon rialail maidir le díothú ina leith ar leibhéal an Aontais, agus dá bhrí sin tá siad níos déine ná na rialacha a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, is é sin éadaí, gabhálaí éadaigh agus coisbheart, shuigh reachtóir an Aontais go bhfuil feidhm le bheith ag an toirmeasc maidir le fiontair mheánmhéide ón 19 Iúil 2030 ar aghaidh. I gcás na bhfiontar sin, féachann an Fhrainc le hoibleagáidí náisiúnta atá i bhfeidhm cheana a choinneáil ar bun chun laghdú sealadach ar an leibhéal cosanta comhshaoil atá ann cheana a sheachaint. Dá bhrí sin, tá na rialacha náisiúnta sin níos déine freisin ná na rialacha a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. Is fiú a lua, áfach, nár cheart a bheith i gceist leis sin ach beart idirthréimhseach.
- (31) Agus mar phointe deiridh, luaitear go sainráite in aithris 59 de Rialachán (AE) 2024/1781 nár cheart cosc a chur ar na Ballstáit bearta náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú i gcás táirgí nach bhfuil faoi réir an toirmisc faoin Rialachán sin, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (32) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, is féidir glacadh leis na forálacha náisiúnta ar tugadh fógra fúthu ar fhorais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.

### 2.2.2. Neamhláithreacht aon idirdhealú treallach nó srian faoi cheilt idir na Ballstáit nó aon chonstaic d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh

#### 2.2.2.1. Neamhláithreacht idirdhealaithe threallaigh

- (33) Le hAirteagal 114(6) CFAE cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún a fhíorú nach bhfuil áis á baint as na bearta a bheartaítear chun idirdhealú treallach a dhéanamh. De réir dhlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais, chun nach mbeidh idirdhealú ann, ní mór gan caitheamh le staideanna comhchosúla ar bhealaí éagsúla agus ní mór gan caitheamh le staideanna éagsúla ar an mbealach céanna.
- (34) Tá feidhm ag forálacha náisiúnta na Fraince maidir le gach gnóthas a oibríonn ar chríoch na Fraince, is cuma an náisiúntacht, agus baineann siad le táirgí intíre agus le táirgí de thionscnamh Ballstát eile araon. In éagmais fianaise dá mhalairt, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil áis á baint astu chun idirdhealú treallach a dhéanamh.

### 2.2.2.2. Neamhláithreacht srian faoi cheilt ar thrádáil

- (35) D'fhéadfadh bac ar thrádáil a bheith i gceist le bearta náisiúnta lena bhforchuirtear caighdeáin níos déine ná beart comhchuibhithe de chuid an Aontais. Beartaítear leis na réamhchoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 114(6) CFAE cosc a chur ar shrianta bunaithe ar na critéir a leagtar amach i míreanna (4) agus (5) den Airteagal sin a chur i bhfeidhm ar chúiseanna míchuí, agus arbh é a bheadh iontu bearta eacnamaíocha chun bac a chur ar allmhairithe ó na Ballstáit eile, is é sin, go mbeadh áis á baint astu chun an táirgeadh náisiúnta a chosaint go hindíreach.
- (36) Le bearta náisiúnta na Fraince, tugtar isteach caighdeáin chomhshaoil níos déine maidir le hoibreoírí eacnamaíocha a oibríonn laistigh de chríoch na Fraince agus tá feidhm ag na bearta maidir le gach oibreoír eacnamaíoch gan idirdhealú. Léiríonn sé sin gurb é cosaint an chomhshaoil seachas caomhnaitheacht eacnamaíoch is cuspóir dóibh.
- (37) In éagmais aon fhianaise lena dtabharfaí le fios gur beart iarbhír iad na forálacha náisiúnta lena mbeartaítear an táirgeadh náisiúnta a chosaint, is féidir teacht ar an gconclúid nach srian faoi cheilt ar thrádáil idir na Ballstáit iad.

### 2.2.2.3. Neamhláithreacht constaicí d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh

- (38) Ní fhéadfadh an coinníoll sin a léirmhíniú ar bhealach ina gcoiscfí leis formheas aon bheart náisiúnta ar dócha go ndéanfadh sé difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Go deimhin, aon bheart náisiúnta lena dtugtar maolú ó bheart comhchuibhithe atá dírithe ar bhunú agus oibriú an mhargaidh inmheánaigh, is beart substaintiúil é ar dócha go ndéanfadh sé difear don mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, chun saintréith úsáideach an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 114 CFAE a chaomhnú, ní mór cuimhneamh ar constaic d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, i gcomhthéacs Airteagal 114(6) CFAE, mar rud míréireach i ndáil leis an gcuspóir atá á shaothrú.
- (39) Tá sé d'aidhm ag na bearta náisiúnta ar thug an Fhrainc fógra fúthu athúsáid a chur chun cinn, go háirithe trí dheonú, chomh maith le hullmhú le haghaidh athúsáid agus athchúrsáil táirgí gan díol, i gcomhréir le hordlathas na roghanna bainistithe dramhaíola. D'fhonn comhréireacht a áirithiú, déantar foráil sna forálacha náisiúnta freisin maidir le maoluithe, go háirithe i gcás ina n-éilíonn an t-údarás inniúil diúscairt nó i gcás ina bhfuil rioscaí don tsláinte, don tsábháilteacht nó don chomhshaoil ag baint le hathúsáid, le hullmhú d'athúsáid nó le hathchúrsáil. Ina theannta sin, táirgí atá faoi réir freagracht leathnaithe táirgeora a tairgeadh do thrí dheontaí oiriúnacha ar a laghad, agus nár aimsíodh aon fhaighteoír dóibh, féadfar iad sin a thabhairt ar lámh saor in aisce d'éiceachomhlacht formheasta a dhéanfaidh iad a bhainistiú.
- (40) I bhfianaise na dtairbhí comhshaoil á n-agairt ag an bhFrainc agus ós rud é go gcuireann na bearta náisiúnta toirmeasc ar aisghabháil agus ar dhiúscairt agus gach rogha bainistithe dramhaíola eile á cheadú acu, lena n-áirítear an athchúrsáil, agus go soláthraíonn siad maoluithe ar an toirmeasc sin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ní mheasann an Coimisiún gur constaic dhíríreach iad na forálacha náisiúnta d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh de réir bhrí Airteagal 114(6) CFAE.
- (41) I bhfianaise na hanailíse sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar an coinníoll a bhaineann le neamhláithreacht constaicí d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

## III. CONCLÚID

- (42) I bhfianaise na ngnéithe thuasluaite, is é tuairim an Choimisiúin maidir leis an iarraidh ón bhFrainc, a fuair an Coimisiún an 28 Samhain agus an 26 Nollaig 2025, chun a forálacha náisiúnta i gCód Comhshaoil na Fraince a choimeád ar bun maidir le táirgí gan díol a dhíothú, gur cheart na forálacha sin a fhorghnó a mhéid atá feidhm acu maidir le táirgí tomhaltais agus atá siad níos déine ná na forálacha i Rialachán (AE) 2024/1781.
- (43) Dá bhrí sin, ba cheart forálacha náisiúnta na Fraince a bhaineann le cur i bhfeidhm an toirmisc ar tháirgí tomhaltais gan díol a dhíothú a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781 maidir le fiontair mheánmhéide a fhorghnó go dtí an 19 Iúil 2030, tráth a thiocfaidh forálacha an Rialacháin sin i bhfeidhm. Ba cheart forálacha náisiúnta na Fraince a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781 a fhorghnó go dtí go mbeidh feidhm, má bheidh riamh, ag na forálacha comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le haon cheann de na táirgí sin a dhíothú agus go mbeidh siad chomh dian céanna le forálacha náisiúnta na Fraince nó níos déine ná iad.

(44) Níl an fógra faoi fhorálacha náisiúnta na Fraince a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí gan díol nach táirgí tomhaltais iad a dhíothú inghlactha faoi Airteagal 114(4) CFAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na forálacha náisiúnta a bhaineann le rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm ar fhiontair mheánmhéide i ndáil le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, ar thug an Fhrainc fógra fúthu le litreacha an 28 Samhain agus an 26 Nollaig 2025 de bhun Airteagal 114(4) CFAE, formheastar iad go dtí an 19 Iúil 2030.

*Airteagal 2*

Na forálacha náisiúnta a bhaineann le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú nach liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1781, formheastar iad go dtí go mbeidh feidhm, má bheidh riamh, ag na forálacha comhchuibhithe athbhreithnithe is infheidhme ar leibhéal an Aontais maidir le haon cheann de na táirgí sin a dhíothú agus lena leagtar síos ceanglais atá chomh dian céanna leis na ceanglais a leagtar amach i bhforálacha náisiúnta na Fraince nó níos déine ná iad.

*Airteagal 3*

Déantar an fógra a bhaineann le táirgí gan díol nach táirgí tomhaltais iad a dhiúltú ar bhonn na neamhinghlacthachta.

*Airteagal 4*

Is chuig an bhFrainc a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Jessika ROSWALL  
*Comhalta den Choimisiún*